

## ◆ Socrú Amchláir Ginearálta

- Cén leithdháileadh ama atá agam faoi láthair do theanga 1 agus teanga 2?  
*Teanga 1 - 5 uair (lá iomlán), 4 uair (lá gearr)*  
*Teanga 2 - 3.5 uair (lá iomlán), 2.5 uair (lá gearr)*



## ◆ Am ar Togadh

*Am ar togradh - 2 uair (lá iomlán), 1 uair (lá gearr)*

- An dtugtar sciar den am ar togradh do theagasc **teangacha**?
- Ar smaoinigh mé mo chuid ama ar togradh a úsáid **go solúbtha trasna an churaclaim** “...Mar sin féin, pé acu a chuimsíonn an tréimhse pleanála seachtain, ceithre seachtaine, dhá sheachtain déag, nó tréimhse níos giorra nó níos faide, tá sé tábhachtach go n-úsáidfí am ar togradh go solúbtha agus go gcuirfí chun tairbhe do gach ábhar léinn é. Níor cheart é a dháileadh go heisiach ar aon ábhar amháin nó ar aon achar curaclaim amháin (Curaclam na Bunscoile, Réamhrá Lch 69)

## ◆ Fócas Litearthachta

- An bhfuil fiúntas le tús áite a thabhairt do shnáithe áirithe amháin le linn próiséas foghlama ar leith? Mar sh. Nuair a bhíonn seánra scríbhneoireachta á mhúineadh agam, d'fhéadfadh go dtabharfaí tús áite don Teanga ó Bhéal nó don Léitheoireacht ag tús an phróiséis. Mar mhúinteoir ranga, is féidir liom an cinneadh seo a dhéanamh ag brath ar riachtanais an ranga / na bpáistí.
- An bhfuil **solúbthacht laistigh de mo chlár ama chun an méid ama** a thugtar do shnáithe a oiriúnú bunaithe ar riachtanais na bpáistí?
- An bhfuil gnéithe ar leith den Litearthacht a mbeadh sé **ina chuidiú iad a lua go sonrath** ar an gclár ama e.g. *Litriú - Scríbhneoireacht T.F. 4, am DEAR, Léitheoireacht os ard - Léamh T.F. 1 & 2?*
- An bhfuil cur amach agam ar **na féidearthachtaí atá laistigh de thograí scoile** chun scileanna litearthachta a fhorbairt, mar shampla Lá na seantuismitheoirí, comórtais díospóireachta srl.? An mbeadh sé tairbheach iad a bheith luaite go sonrath ar an gclár ama?

## ◆ Rangtheagasc / Cómhúinteoireacht

- An bhfuil deiseanna laistigh de mo chlár ama do **mhúnlaí tacaíochta in-ranga / cómhúinteoireacht** chun freastal ar riachtanais agus cumais na bpáistí?

## ◆ Cur Chuige Teagaisc

- An bhfuilim **mar mhúinteoir gníomhaíoch** airdeallach gur féidir liomsa mo scéim a úsáid mar áis agus nach gá dom a **roghnú** ach na gníomhaíochtaí a théann le spéiseanna, riachtanais agus cumais na bpáistí?
- An bhfuil solúbthacht laistigh de mo chlár ama chun **deiseanna foghlama gan choinne** a thapú?
- Ar smaoinigh mé roinnt / níos mó **Measúnú chun Foghlama (McF)** a shníomh isteach i mo chleachtas, a d'fhéadfadh cur le tréimhsí teagaisc agus foghlama? Mar sh. *Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú*
- An mbeadh sé níos éifeachtaí agus níos tairbhí do na páistí roinnt **gníomhaíochtaí a dhéanamh go comhoibríoch nó ó bhéal**? Mar shampla, Ceisteanna a leanann léamhthuiscint
- Ar smaoinigh mé ar dheiseanna chun **scileanna liteartha a fhorbairt nó a dhaingniú trasca an churaclaim** (Litearthacht dhisciplín)? Mar sh. *Scríbhneoireacht ghnásúil san Eolaíocht, Athinsint sa Stair*

**Tabhair cuairt ar [www.pdst.ie](http://www.pdst.ie) le haghaidh tacaíochta**